Polasaí Iontrála
Scoil Éinne
An Spidéal

Uimhir rolla:20115F

Pátrún na Scoile: Michael Duignan, Easpag na Gaillimhe

1.Réamhrá

Comhlíonann an Polasaí Iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000.Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh Bord Bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, le pátrún na scoile agus le tuismitheoirí/caomhnóirí páistí atá ag freastal ar an scoil.

D'fhaomh an pátrún scoile an polasaí ar an 30/04/2020 .Tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear ar fáil i gcóip chrua é, ar iarratas, d'aon duine a iarrann é.

Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do pholasaí iontrála Scoil Éinne leagtha amach sa bhfógra maidir le hiontráil bhliantúil na scoile a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad roimh thús an phróisis iontrála don scoilbhliain lena mbaineann.

Ní mór an polasaí seo a léamh in éindí leis an bhfógra maidir le hIontráil Bhliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

Foilsítear an fhoirm iarratais i gcomhair iontrála ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear cóip chrua di ar fáil d'aon duine a iarrann sin.

Sa gcás nach bhfuil an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla ag teacht le chéile is ag an leagan Gaeilge a bheidh forlámhas.

2. Spiorad sainiúil agus cuspóirí ginearálta na scoile

Bunscoil náisiúnta Ghaeltachta chomhoideachais le héiteas Caitliceach faoi phátrúnacht Easpag Caitliceach na Gaillimhe,Chill Mhic Dhuach agus Chill Fhionnúrach, an tEaspag Breandán Ó Ceallaigh, is ea Scoil Éinne**.**

Cónascadh Scoil Mhuire agus Scoil Mhíchíl Naofa sa scoilbhliain 2000 agus bunaíodh Scoil Éinne leis na haidhmeanna seo a leanas:

- Is í aidhm Scoil Éinne ná oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge;
- Bunscolaíocht ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do dhaltaí as teaghlaigh gurb í an Ghaeilge an ghnáth-theanga iontu;
- Bunscolaíocht ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do pháistí an Spidéil agus an cheantair mháguaird agus a chur ar a gcumas bheith ina gcainteoirí líofa Gaeilge;
- Daingniú agus forbairt a dhéanamh ar oidhreacht agus ar dhúchas an cheantair:
- Timpeallacht Ghaelach a chur ar fáil agus dúil sa nGaeilge agus i saíocht na Gaeilge a chothú i measc na ndaltaí agus a gcuid tuismitheoirí/caomhnóirí le go mbeidh gach éinne bródúil as a gcultúr agus a n-oidhreacht Gaelach. Forbairt iomlán chomhchuí na ndaltaí a chothú: cognaíoch, intleachtúil, fisiciúil, cultúrtha, morálta agus spioradálta, agus freisin gaol beo le Dia agus an cine daonna a chur chun tosaigh chomh maith le fealsúnacht saoil na Críostaíochta.

Ciallaíonn ‘éiteas Caitliceach’ éiteas agus spiorad sainiúil na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí, a chuireann chun cinn

1. forbairt iomlán na ndaltaí - idir intleachtúil, mhothálach, fhisiciúil, spioradálta, aeistéitiúil agus
2. gaol beo le Dia agus le daoine eile
3. fealsúnacht saoil bunaithe ar chreideamh i nDia agus ar shaol, ar bhás agus ar aiséirí Íosa; agus
4. oiliúint na ndaltaí sa gcreideamh Caitliceach

Cuirimid oideachas reiligiúnda ar fáil do na daltaí de réir theagasc, chleachtais agus thraidisiúin na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí agus/ nó de réir mar a leagann Comhdháil Easpag na hÉireann amach.

De réir S.15 (2) (b) den Acht Oideachais 1998, seasfaidh Bord Bainistíochta na scoile le, agus beidh sé freagrach don phatrún as, spiorad sainiúil na scoile de réir na luachanna cultúrtha, oideachasúla, morálta, reiligiúnda , sóisialta, agus spioradálta a threoraíonn cuspóirí agus reachtáil na scoile.

Is é polasaí Scoil Éinne sár-oideachas lán-Ghaelach Caitliceach a chur ar fáil do dhaltaí na scoile mar bhunscoil chomhoideachais.

Cuirimid polasaí na scoile i bhfeidhm trí:

(a) chumarsáid agus nasc oscailte, sláintiúil, tuisceanach, comhoibritheach, flaithiúil a chothú le pobal na scoile
(b) Chothrom na Féinne a thabhairt do phobal na scoile ar bhealach cairdiúil, cothrom, réasúnta
(c) bhéim a chur ar fhorbairt phobal na scoile mar shaoránaigh d’Éirinn agus den domhan
(d) mheas orainn féin agus ar dhaoine eile agus ar ár gcultúr Gaelach agus ar chultúir eile a chothú
(e) bhéim a chur ar shábháilteacht agus ar shástacht dhaltaí
(f) na daltaí a réiteach don oideachas iar-bhunscoile agus don saol amach rompu

Creidimid go bhfuil na haidhmeanna agus an polasaí seo ag teacht le fís an Choiste Bunaithe.

3. Ráiteas maidir le hIontráil

Ní dhéanfaidh Scoil Éinne idirdhealú maidir le dalta a ligean isteach i scoil ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:

(i) inscne an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann
(ii) stádas sibhialta an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann
(iii) stádas teaghlaigh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann
(iv) gnéaschlaonadh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann
(v) reiligiún an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann
(vi) bunús mhíchumas an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann
(vii) cine an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann
(viii) dalta nó iarratasóir ó phobal an lucht siúil i leith an dalta lena mbaineann nó
(ix) riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an dalta nó ag an iarratasóir i leith an dalta lena mbaineann.

De réir Alt 61 (3) den Acht Oideachais 1998, forléireofar ‘foras stádais shibhialta', 'foras míchumais', 'leithcheal', 'foras stádas teaghlaigh', 'foras inscne', 'foras cine', 'foras reiligiúin', 'foras gnéaschlaonta' agus 'foras pobail Taistil' de réir alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000.

Comhoibreoidh Scoil Éinne leis an CNOS i gcomhlíonadh feidhmeanna na Comhairle faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 maidir le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear soláthar agus feidhmiú rang nó ranganna speisialta nuair a iarrann an Chomhairle a leithéid.

Comhlíonfaidh Scoil Éinne le haon ordúchán a sheirbheálfar ar an mbord nó ar an bpátrún faoi alt 37A agus 67(4)(b).

Gach scoil shainchreidmheach

Is scoil í Scoil Éinne arb é an cuspóir atá aici oideachas a sholáthar i dtimpeallacht a chuireann luachanna reiligiúnacha áirithe chun cinn agus ní dhéanann sí idirdhealú sa gcás má dhiúltaíonn sí cead isteach do dhalta nach Caitliceach é/í agus gur féidir a chruthú go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a choinneáil.

4. Na catagóirí de Riachtanais Speisialta Oideachais a ndéantar freastal orthu sa scoil/sa rang speisialta

Ní scoil speisialta í Scoil Éinne agus níl rang speisialta inti faoi láthair.

5. Daltaí a Ligean Isteach

Ligfidh an scoil seo isteach gach dalta atá ag iarraidh iontrála ach amháin sna cásanna a leanas –

a. Sa gcás go bhfuil ró-éileamh ar an scoil (féach alt 6 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)

b. i gcás go dteipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an Príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin.

c. Scoileanna bhunoideachais Sainchreidmheacha

Is scoil í Scoil Éinne arb é an cuspóir atá aici oideachas a sholáthar i dtimpeallacht a chuireann luachanna reiligiúnacha áirithe chun cinn agus ní dhéanann sí idirdhealú sa gcás má dhiúltaíonn sí cead isteach do dhalta nach Caitliceach é/í agus gur féidir a chruthú go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a choinneáil.

6. Ró-iarratas

Sa gcás go bhfuil ró-éileamh ar an scoil, cuirfidh an scoil na critéir roghnaithe seo a leanas i bhfeidhm san ord ina bhfuil siad thíos maidir leis na hiarratais a fhaightear taobh istigh den amlíne le hiarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála na scoile agus cinneadh á dhéanamh aici i leith na n-iarratas ar chead isteach.

Tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta uasmhéid líon na bpáistí in aon rang ar leith agus sa scoil ina hiomláine a leagan síos.

I gcás ró-éilimh (féach Fógra Iontrála Bliantúil na Scoile), is mar seo a dháilfear na háiteanna:

Naíonáin Shóisireacha
Glacfar le hiarratais do pháistí a bheidh 4 bliana d'aois, ar a laghad, roimh an 1 Meán Fómhair den bhliain iarratais.

Is mar seo a chuirfear ord ar na hiarrthóirí sa dá chatagóir sin.
Cuifear na hiarrthóirí i ngach fochatagóir thíos in ord de réir chrannchuir phoiblí.

- Siblín le dalta atá ag freastal ar an scoil ar feadh dhá bhliain ar a laghad a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, roimh Lá Bealtaine den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh.

- Páiste a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, roimh Lá Bealtaine den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh **go bhfuil leibhéal líofachta acu atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógáil aois agus aon riachtanais speisialta oideachais atá ag an bpáiste san áireamh agus go mbeadh an dóchúlacht ann go n-imeodh an líofacht luaite ar gcúl muna scaoilfí an páiste isteach i scoil Ghaeilge.**

- Siblín le hiardhalta a d'fhreastal ar an scoil ar feadh dhá bhliain ar a laghad a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, roimh Lá Bealtaine den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh

- Páistí a bhfuil cónaí orthu sa gceantar idir Dhroichead an Phúirín agus Doire Locháin Thoir (mar atá i bhfeidhm go traidisiúnta), a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, roimh Lá Bealtaine den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh.

- Páistí de chuid iarscoláirí na scoile (tuismitheoirí agus seantuismitheoirí) a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, roimh Lá Bealtaine den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh. (*uasmhéid de 25% de na spásanna atá ar fáil mar atá leagtha amach i bhfógra bliantúil iontrála na scoile).*

- Iarrthóirí eile a rinne iarratas roimh an dáta deireanach d'iarratais de réir an Fhógra Bhliantúil a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, roimh Lá Bealtaine den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh.

- Siblín le dalta atá ag freastal ar an scoil a d'fhreastal ar an scoil ar feadh dhá bhliain ar a laghad a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, tar éis Lá Bealtaine ach roimh an 1 Meán Fómhair den scoilbhliain ina bhfuil ái á lorg sa scoil dóibh.

- Páistí a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, tar éis Lá Bealtaine ach roimh an 1 Meán Fómhair den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh **go bhfuil leibhéal líofachta acu atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógáil aois agus aon riachtanais speisialta oideachais atá ag an bpáiste san áireamh agus go mbeadh an dóchúlacht ann go n-imeodh an líofacht luaite ar gcúl muna scaoilfí an páiste isteach i scoil Ghaeilge.**

- Siblín le hiardhalta a d'fhreastal ar an scoil ar feadh dhá bhliain ar a laghad a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, tar éis Lá Bealtaine ach roimh an 1 Meán Fómhair den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh.

- Páistí a bhfuil cónaí orthu sa gceantar idir Dhroichead an Phúirín agus Doire Locháin Thoir (mar atá i bhfeidhm go traidisiúnta), a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, tar éis Lá Bealtaine ach roimh an 1 Meán Fómhair den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh.

- Páistí de chuid iarscoláirí na scoile (tuismitheoirí agus seantuismitheoirí) a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, tar éis Lá Bealtaine ach roimh an 1 Meán Fómhair den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh.(*uasmhéid de 25% de na spásanna atá ar fáil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile).*

- Iarrthóirí eile a rinne iarratas roimh an dáta deireanach d'iarratais de réir an Fhógra Bhliantúil a bheidh ceithre bliana d'aois ar a laghad, tar éis Lá Bealtaine ach roimh an 1 Meán Fómhair den scoilbhliain ina bhfuil áit á lorg sa scoil dóibh.

- **Iarratais dheireanacha.**

Nóta: Sa gcás gur mian le tuismitheoir/caomhnóir go n-áireofaí a bpáiste mar pháiste a bhfuil leibhéal líofachta sroichte aige/ aici sa nGaeilge tabharfar cuireadh don tuismitheoir fianaise a chur ar fáil chun an líofacht sin a léiriú don Phríomhoide. Is gá an fhianaise sin a chur ar fáil leis an iarratas. Má lorgaíonn tuismitheoirí/caomhnóirí cruinniú sa scoil chun fianaise a chur ar fail ,tabharfaidh an Príomhoide an deis sin dóibh más sin é mian an tuismitheora/chaomhnóra.

Muna nglactar leis an bhfianaise cuirfear an páiste i gcatagóir eile, de réir mar is cuí.

Más mó líon na n-iarratas in aon chatagóir ná líon na spásanna ar fáil don chatagóir sin, cuirfear na hiarrthóirí go léir sa chatagóir sin in ord ar bhonn crannchuir.

Má ghlactar leis an bhfianaise, ach go mbeartaíonn an tuismitheoir/caomhnóir an páiste a chur ar Liosta Iarrthóirí na bliana ina dhiaidh sin, ní chaithfear fianaise a chur ar fáil arís don leibhéal líofachta sa nGaeilge.

7. An méid nach mbreithneofar ná nach gcuirfear san áireamh

De réir alt 62(7)(e) den Acht Oideachais 1998, ní dhéanfaidh an scoil aon cheann díobh seo a leanas a bhreithniú ná a chur san áireamh agus iarratais ar chead isteach á gcinneadh nó nuair a bhíonn dalta á c(h)ur ar liosta feithimh le haghaidh iontrála sa scoil.

a) *freastal roimh ré ag dalta ar réamhscoil nó ar sheirbhís réamhscoile, lena n-áirítear naíonraí*

b) *íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí (cibé bealach a dtuairiscítear é) leis an scoil*

c) *cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an dalta seachas de réir fhorálacha alt 62(9) den Acht*

d) *gairm, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht thuismitheoirí dalta*

e) *ceanglas go bhfreastalóidh dalta, nó a t(h)uismitheoirí ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála*

f) *ceangal dalta leis an scoil de bharr duine dá t(h)eaghlach nó dá teaghlach ag freastal ar an scoil nó a bhí ag freastal ar an scoil roimhe sin*
   - *seachas, i gcás sibliní dalta a fhreastalaíonn ar an scoil nó a d'fhreastail ar an scoil de réir mar atá leagtha amach thuas*
   - Páistí de chuid iarscoláirí na scoile (tuismitheoirí agus seantuismitheoirí *uasmhéid de 25% de na spásanna atá ar fáil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile).*

g) an dáta agus an t-am ar ghlac an scoil le hiarratas iontrála.

- *Tá sé sin faoi réir an iarratais a bheith faighte ag am ar bith le linn na tréimhse a shonraítear le hiarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.*

- *Tá sé sin faoi réir freisin ag an scoil tairiscintí a dhéanamh bunaithe ar liostaí feithimh reatha (suas go dtí an 31ú Eanáir 2025 amháin).*

8. Cinntí ar iarratais

Beidh na cinntí ar fad maidir le hiarratais ar iontráil chuig Scoil Éinne bunaithe ar na nithe a leanas:

1. Polasaí iontrála na scoile

2. Fógra iontrála bliantúil na scoile

3. An fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil le agus i bhfoirm iarratais oifigiúil na scoile a fuarthas le linn na tréimhse atá sonraithe sa bhfógra iontrála bliantúil le hiarratais a fháil;

Ní úsáidfear critéir roghnúcháin nach n-áirítear sa bpolasaí iontrála scoile le cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar áit i Scoil Éinne.

9. Cinntí a chur in iúl d'iarratasóirí

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas i dteachtaireacht ríomhphoist/ scríbhinn maidir le cinneadh na scoile, taobh istigh den amlíne atá leagtha amach sa bhfógra bliantúil iontrála.

Mura dtairgtear áit do dhalta i Scoil Éinne, cuirfear na cúiseanna nár tairgeadh áit dó/di ar fáil i scríbhinn don iarratasóir, lena n-áirítear, nuair is indéanta, sonraí maidir le rangú an dalta i gcoinne na gcritéar roghnúcháin agus na sonraí faoi áit an dalta ar an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann.

Cuirfear teimpléid ar fáil chuige seo.

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas faoin gceart athbhreithniú/ceart achomhairc a iarraidh maidir le cinneadh na scoile (féach alt 18 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí).

10. Glacadh le tairiscint áite – Treoir don tuismitheoir/chaomhnóir

Agus tairiscint iontrála á glacadh agat ó Scoil Éinne, ní mór duit an méid a leanas a léiriú:

(i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil glactha agat le tairiscint iontrála ar scoil nó ar scoileanna eile. Má ghlac tú le tairiscint den sórt sin, ní mór duit sonraí na tairisceana nó na dtairiscintí lena mbaineann a chur ar fáil freisin.

(ii) cé acu an bhfuil iarratas déanta agat ar thairiscint iontrála ó scoil nó ó scoileanna eile nó cé acu an bhfuil tú ag fanacht lena dheimhniú, agus má tá, ní mór duit sonraí na scoile nó na scoileanna eile lena mbaineann chur ar fáil.

Cuirfear teimpléid ar fáil chuige seo.

11. Cúinsí nach féidir tairiscintí a dhéanamh nó ar féidir tairscint a tharraingt siar dá mbarr:

Ní féidir le Scoil Éinne tairiscint iontrála a dhéanamh, nó is féidir tairscint a tharraingt siar, sna cásanna a leanas:

(I) déantar amach go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas míthreorach nó bréagach

(II) teipeann ar iarratasóir glacadh le tairiscint iontrála ar nó roimh an dáta atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile.

(III) má theipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an Príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin; nó

(IV) teipeann ar iarratasóir riachtanais a chomhlíonadh chun 'glacadh le tairiscint' mar atá leagtha amach in alt 10 thuas.

Cuirfear teimpléid den litir thairisceana ar fáil.

12. Sonraí a roinnt le scoileanna eile

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith ar an eolas go gceadaítear le hAlt 66(6) den Acht Oideachas (Iontráil Scoileanna), 2018 comhroinnt sonraí idir scoileanna ar mhaithe le hiontráil éifeachtach daltaí a éascú.

Ceadaíonn Alt 66(6) do scoil liosta daltaí a chur ar fáil do phátrún nó do Bhord Bainistíochta eile maidir le daltaí a bhfuil-

- iarratas iontrála chuig na scoile faighte uathu ;
- áit tairiscithe sa scoil dóibh nó
- áit tairiscithe sa scoil glacadh acu.

Is féidir leis na sonraí seo leanas bheith mar chuid den liosta:

- an dáta a fuair an scoil iarratas iontrála;
- an dáta a rinne an scoil áit a thairiscint;
- an dáta a ghlac an t- iarrthóir leis an áit sa scoil;
- Sonraí pearsanta an dalta ar a n-áirítear ainm, seoladh, dáta breithe, agus uimhir PPS.

13. Liosta feithimh i gcás ró-iarratais

I gcás go mbeidh níos mó iarratas ar an scoilbhliain lena mbaineann ná na háiteanna atá ar fáil, baileofar liosta feithimh de dhaltaí nár éirigh lena gcuid iarratas ar iontráil chuig Scoil Éinne mar gheall ar ró-éileamh ar an scoil agus beidh siad bailí don scoilbhliain ina bhfuil cead isteach á lorg.

Tá socrúchán ar liosta feithimh Scoil Éinne san ord tosaíochta a leagtar síos d'iarratais na ndaltaí tar éis don scoil na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm de réir an pholasaí iontrála seo.

Cuirfear iarrthóirí a fhaightear iarratais dheireanacha uathu, tar éis an dáta a luaitear ar an bhfógra bhliantúil iontrála, ag deireadh an liosta feithimh de réir an dáta a fuarthas a n-iarratais.

Déanfar tairiscintí maidir le haon áiteanna ina dhiaidh sin a bheidh ar fáil don scoilbhliain agus lena linn a bhfuil cead isteach á lorg ina leith maidir leis na daltaí sin ar an liosta feithimh, de réir an oird tosaíochta ar cuireadh na daltaí ar an liosta.

14. Iarratais Dhéanacha

Breithneofar agus déanfar cinneadh ar gach iarratas ar chead isteach a fhaightear tar éis an dáta deiridh mar atá leagtha amach sa bhfógra iontrála bliantúil de réir pholasaí iontrála Scoil Éinne, de réir an Achta um Iontrálacha Scoile 2018 agus de réir aon rialacháin a rinneadh faoin Acht sin.

Cuirfear cinneadh i n-iúl d' iarrthóirí a bhí deirneach lena n-iarratais taobh istigh de 3 seachtaine ón am a fhaigheann an scoil iarratas uathu. Déanfar áit a thairiscint d' iarrthóirí a bhíonn deirneach lena n-iarratas má bhíonn áit ar fáil. Muna bhfuil áit ar fáil, cuirfear ainm an iarrthóra ar liosta feithimh de réir roinn 13 .

15. Nósanna imeachta maidir le daltaí a ligean isteach i mblianta eile agus le linn na scoilbhliana

Seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le daltaí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin chuig ranganna nó blianta seachas grúpa iontrála na scoile:

Clárúcháin sna Naíonáin Shinsearacha

Má bhíonn folúnta(i)s sna Naíonáin Shinsearacha agus níos mó iarratas ar áiteanna ná mar atá folúntas dáilfear na háiteanna sin de réir na gcritéar do na Naíonáin Shóisireacha.

Clárúchán i Ranganna seachas na Naíonáin Shóisearacha agus Shinsireacha

- Glacfar le páistí i ranganna 1 –6 má tá spás sa rang, agus má shíleann an Príomhoide/Bord Bainistíochta cumas Gaeilge an pháiste a bheith ar leibhéal a ligfeadh don pháiste feidhmiú agus

foghlaim sa rang agus nach mbeadh ar dhaltaí eile iompú ar theanga eile chun cumarsáid a dhéanamh leis/léi. Is faoin tuismitheoir/caomhnóir a bheidh sé fianaise chuige seo a chur faoi bhráid an Bhord Bainistíochta leis an iarrtas.

- Is gá do thuismitheoirí/caomhnóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar áit in aon rang eile seachas Naíonáin Shóisearacha litir iarratais chuige sin a sheoladh chuig Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh in aon rang eile.

- Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh in aon rang eile.
- Má fhaightear iarratais ar áit i rith na bliana déileálfar leis ag an gcéad chruinniú eile den Bhord Bainistíochta. Má tá folúntas/ folúntais i rang agus níos mó iarratas ná mar atá folúntais cuirfear in ord iad de réir na gcritéar céanna atá leagtha amach thuas do na Naíonáin Shóisireacha.

- Caithfear fianaise ar leibhéal sásúil líofacht sa nGaeilge a chur ar fáil sula dtairsceofar áit. Muna nglacann an Bord Bainistíochta leis an bhfianaise, tairsceofar an áit don chéad iarrthóir eile.

- Is ag cruinniú na Bealtaine den Bhord Bainistíochta a dhéileálfar le hiarratais atá faighte roimhe sin don chéad scoilbhliain eile. Déileálfar le hiarratais a thagann ina dhiaidh sin ag aon chruinniú eile roimh shaoire an tsamhraidh. Tabharfaidh an Bord Bainistíochta údarás don Phríomhoide nó do dhaoine eile déileáil le hiarratais de réir pholasaí na scoile thar a cheann idir chruinniú deireanach na scoilbhliana agus chéad chruinniú na scoilbhliana nua.

16. Dearbhú maidir le gan táillí a ghearradh

Ní ghearrfaidh Bord Bainistíochta Scoil Éinne ná aon duine a ghníomhaíonn thar a cheann táillí ar íocaíocht nó ní lorgeoidh sé/sí íocaíocht ná ranníocaíocht (cibé bealach a dtuairiscítear) mar choinníoll de -

(I) iarratas ar dhalta a ligean isteach sa scoil
nó
(II) iontráil nó clárú leanúnach dalta sa scoil.

17. Socruithe maidir le daltaí nach bhfreastalaíonn ar theagasc reiligiúnach

Ní mór do scoileanna a chuireann teagasc reiligiúnach ar fáil do dhaltaí an chuid seo a chomhlánú.

Seo a leanas socruithe na scoile do dhaltaí, sa gcás gur iarr tuismitheoirí/ caomhnóirí, go bhfreastalódh an dalta ar an scoil gan freastal ar theagasc reiligiúnach sa scoil.
Ní bheidh laghdú ar lá scoile na ndaltaí sin mar thoradh ar na socruithe seo.

Ba cheart iarratas scríofa a dhéanamh chuig Príomhoide na scoile.
Eagrófar cruinniú leis na tuismitheoirí/caomhnóirí chun plé a dhéanamh ar an gcaoi gur féidir déileáil leis an iarratas sa scoil.

18. An ceart chun athbreithnithe/achomhairc

Athbhreithniú ar chinntí an Bhoird Bhainistíochta

Féadfaidh tuismitheoir/caomhnóir mac léinn iarraidh ar an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh áit sa scoil a dhiúltú do dhalta. Ní mór iarratais den chineál sin a dhéanamh de réir Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear athbhreithniú den chineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hathbhreithnithe den chineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Déanfaidh an Bord athbhreithnithe den chineál sin de réir na nósanna imeachta a rialaítear faoi Alt 29B i gcomhair le Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tabhair faoi deara: Sa gcás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, ní mór don iarratasóir iarraidh ar an mBord Bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Sa gcás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mBord Bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Ceart achomhairc

Tar éis diúltiú a fháil maidir le háit a fháil do pháiste sa scoil, déantar achomharc ar dtús chuig an mBord Bainistíochta i dtaobh cinneadh an Phríomhoide. Ceadaítear 3 seachtaine do thuismitheoirí chun an achomharc seo a dhéanamh agus ceadaítear 3 seachtaine don Bhord Bainistíochta freagra a thabhairt.

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, féadfaidh tuismitheoir/caomhnóir dalta achomharc a dhéanamh ar chinneadh na scoile seo áit sa scoil a dhiúltú.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa gcás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa gcás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Sa gcás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** don iarratasóir iarraidh ar an mBord Bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Sa gcás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chás seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mBord Bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Déanfar achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a mheas agus a chinneadh ag coiste neamhspleách achomhairc arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear achomharc den chineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hachomhairc den chineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Críoch